Irish National Teachers' Organisation
Cumann Múinteoirí Éireann

**Head Office**
Vere Foster House
35 Parnell Square
Dublin 1

**Ard Oifig**
35 Cearnóg Parnell
Baile Átha Cliath 1

*Phone / Fón:* 01 804 7700
*Email:* info@into.ie
*Web:* www.into.ie

Catherine Connolly,
Uachtarán na h-Éireann,
Áras an Uachtaráin,
Páirc an Fhionnuisce,
Baile Átha Cliath 8.

11/11/2025

A Uachtaráin, a chara,

Thar ceann Chumainn Múinteoirí Éireann (INTO), an ceardchumann oideachais is sine agus is mó ar oileán na hÉireann, agus thar ceann ár mbaill ó Thuaidh agus ó Theas, ba mhaith liom ár gcomhghairdeas croíúil a ghabháil leat ar ócáid d'insealbhaithe mar deichiú hUachtarán na tíre.

Is nóiméad stairiúil agus dóchasach dár náisiún uile é do thoghchán mar chéad shaoránach na hÉireann. Tá a fhios againn go dtabharfaidh do thiomantas don oideachas, don chomhionannas agus don phobal comhbhá agus críonnacht dhomhain chuig oifig Uachtaráin na hÉireann. Mar laoch don fhoghlaim fad saoil, táimid muiníneach go n-úsáidfidh tú do thréimhse oifige chun an t-oideachas i ngach cruth is foirm a chur chun cinn agus a chosaint, go háirithe an bunscolaíocht agus an t-oideachas speisialta, atá mar bhunchloch do thodhchaí gach pháiste.

Cuireann an INTO agus an ghluaiseacht cheardchumainn níos leithne fáilte mhór roimh do ghealltanas fócas lárnach do chuid uachtaránachta a chur ar chomhionannas, ar chuimsiú agus ar chumhachtú gach guth sa tsochaí. Is luachanna iad seo atá fréamhaithe go domhain inár ngluaiseacht féin. Táimid bródúil go háirithe as do thacaíocht leanúnach don cheartas sóisialta, don tithíocht mar cheart daonna, agus don athnuachan bróid náisiúnta inár dteanga agus inár gcultúr. Seasann do thiomantas don tsíocháin dhomhanda, in aimsir atá go minic faoi scáil coimhlinte agus cinedhíothaithe – mar sholas ceannaireachta morálta.

Bhí lúcháir orainn gur roghnaigh tú bualadh le daltaí ó Scoil Shráid San Proinsias ag d'insealbhú inniu. Guímid gach rath ort fosta agus tú ag tabhairt do chéad chuairte oifigiúla ar scoil amárach - Gaelscoil Inse Chór. Tá ár mbaill ag tnúth le fáilte mhór a chur romhat chuig bunscoileanna agus scoileanna speisialta ar fud na tíre sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Tá súil againn agus cuairteanna den sórt sin á bpleanáil agat, go rachaidh tú chuig neart scoileanna beaga agus mhóra, tuaithe agus cathrach agus scoileanna speisialta ina measc, áit a bhfuil obair iontach á déanamh gach lá ag foirne dhíograiseacha agus agus pobail na scoileanna.

Guímid gach rath ort agus tú ag tosú ar do thréimhse mar Uachtarán na hÉireann.

Le mór- mheas agus gach dea-ghuí,

John Boyle

Seán Ó Baoill,
Rúnaí Ginearálta,
Cumann Múinteoirí Éireann.